

Polasaí ar Thuairisciú do Thuismitheoirí.

Athbhreithnithe Bealtaine 2013

Réamhráiteas

Rinne foireann teagaisc, an Príomhoide agus an bord bainistíochta an polasaí seo a athbhreithniú i Mí Bealtaine 2013.

Rationale

Tá an **polasaí foilsithe** ionas go mbeidh treoirínite soiléir leagtha síos i Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh i dtaobh thuairisciú do thuismitheoirí faoi dul chun cinn na ndaltaí.

Gaol le spiorad sainiúil na scoile

Cuirtear fíis na scoile i bhfeidhm trí gach seans a thabhairt do na páistí a tallanna a fhorbairt chomh fada agus is féidir le linn dóibh a bheith ar scoil.

Aidhm

Tá sé mar aidhm ag Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh dea-chaidreamh a chothú idir na tuismitheoirí/ caomhnóirí agus foireann na scoile.

Tuigtear an ról lárnach atá ag gabháil leis an dea-chaidreamh seo chun a chinntiú go mbainfeadh gach dalta an tairbhe is mó is féidir as a chuid ama ar scoil. Cothaítear an dea-chaidreamh seo le nascanna cuí agus bealaí cumarsáide maithe idir na tuismitheoirí agus foireann na scoile.

Seo iad na gnáthnósanna tuairiscithe atá i bhfeidhm:

1. Bíonn cruinnithe tuismitheoirí/caomhnóirí le múinteoirí gach bliain i mí na Samhna do rang na Naíonán Shínsearacha go Rang a Sé. I mí Feabhra bíonn cruinnithe do rang na Naíonán Shóisireacha.
2. Más mian le tuismitheoir/caomhnóir nó le h-oide cruinniú a eagrú ag am ar bith i rith na bliana is féidir leo coinne a dhéanamh.
3. Coimeádtar taifead ar an gcruinniú tuismitheoirí/múinteoirí, aon chruinniú eile agus ar thimpistí i leabhrán 'Tuairiscí Teagmhála' an dalta. Coimeádtar an leabhrán sin i gcomhad indibhidiúil an dalta faoi ghlas i gcomhchaibinéid an tseomra ranga.
4. Cuirtear nóta abhaile sa dialann oibre nó ar bhileog eile le páiste nó labhrann an t-oide leis an té a bhailíonn an páiste ón scoil má bhain timpiste/gearradh dó/di ar scoil. **Tá cóip de theimpléad de 'Tuairisc ar Thimpiste' ar fáil i bhFillteán Ranga an oide ranga.**
5. Seoltar Tuairisc Scoile, sé sin cuntas dul chun cinn agus torthaí scoile caighdeánacha abhaile Rang 1 - 6 idir tús agus lár Mhí an Mheithimh. Iarrtar ar gach dalta clúdach litreach le stampa agus an seoladh baile air a thabhairt don oide ranga chuige seo.
6. Coimeádtar cóip charbóin den Thuairisc Scoile i gcomhad an pháiste.
7. Tuairisciú ó bhéil-Oidí Tacaíocht Foghlama-de réir mar is gá i rith na bliana agus i mí na Samhna agus i mí an Mheithimh do thuismitheoirí/caomhnóirí na Naíonáin Shóisireacha a bhéas i dteideal Tacaíocht Foghlama an bhliain dar gcionn agus chun clár oibre don Samhradh a thabhairt dóibh.
8. I mí an Mheithimh bíonn cruinniú le gach tuismitheoir/caomhnóir a raibh páiste leo ag freastal ar thacaíocht foghlama an bhliain sin. Ullmhóidh an t-oide Tacaíocht Foghlama tuairisc i scríbhinn ar an méid a pléadh, a cinneadh ag cruinniú le tuismitheoirí má lorgaíonn siad é.

9. Tá oide Tacaíocht Foghlama, Maighréad Ní Éalaithe, ainmnithe mar theagbhálaí idir seirbhísí leighis, siceolaíoch agus sóisialta cheana féin.

Critéir Rathúlachta

Déanfar an polasaí a mheas trí

- cinntíocht go bhfuil na tuairiscí curtha abhaile

2

- aiseolas sásúil a fháil ó na tuismitheoirí/caomhnóirí i dtaobh na nósanna tuairiscithe.

Cur i bhfeidhm

(a) Tá na nósanna tuairiscithe go léir atá leagtha síos sa pholasaí seo i bhfeidhm cheana féin.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú na nósanna tuairiscithe **_i Mí Bealtaine 2015._**

Deimhniú: Deimhníodh an Polasaí seo ag cruinniú den Bhord Bainistíochta ar an xx/xx/2013.

Sínithe: _____ **Dáta:** _____

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

3